Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12980/26**

**POLCOM 305**
**COMER 128**
**FDI 39**
**DELACT 140**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6107 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 8.9.2026<br>lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6107 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6107 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2026
C(2026) 6107 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.9.2026**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh**

GA

GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é príomhchuspóir Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh[1] ('an Rialachán') feasacht níos fearr a chruthú i measc na mBallstát agus an Choimisiúin Eorpaigh maidir le rioscaí ó infheistíochtaí díreacha coigríche áirithe ('IDCanna') a d'fhéadfadh, in imthosca áirithe, difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas.

Bunaítear le hAirteagail 6 go 11 den Rialachán sásra comhair faoina mbeidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún faisnéis a mhalartú agus barúlacha a thabhairt maidir le IDCanna, infheistíochtaí ar dócha go ndéanfaidh siad difear don tslándáil nó don ord poiblí i níos mó ná Ballstát amháin.

Is é is aidhm don Rialachán freisin feasacht a mhéadú maidir le IDCanna a dhéanann difear do thionscadail agus do chláir atá chun leasa an Aontais. Chun na críche sin, ceadaítear don Choimisiún le hAirteagal 8 den Rialachán tuairim a eisiúint nuair a mheasann sé gur dócha go ndéanfaidh IDC difear do thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais ar fhoras na slándála nó ar fhoras an oird phoiblí, tuairim a sheolfar chuig gach Ballstát. Leagtar amach in Airteagal 8(3) gur tionscadail nó cláir atá chun leasa an Aontais iad '*na tionscadail nó na cláir sin a fuair méid mór nó cion suntasach de chistiú ón Aontas nó a chumhdaítear le dlí an Aontais maidir le bonneagar criticiúil, teicneolaíochtaí criticiúla nó ionchuir chriticiúla atá ríthábhachtach don tslándáil agus don ord poiblí*'. Tá liosta na dtionscadal agus na gclár i gceangal leis an Rialachán. De bhun Airteagal 8(4), glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe chun an liosta sin a leasú. An 24 Eanáir 2024, ghlac an Coimisiún togra chun an Rialachán a aisghairm agus a ionadú. Tá an próiseas reachtach tugtha i gcrích anois agus tiocfaidh an Rialachán athbhreithnithe maidir le scagadh infheistíochtaí coigríche i bhfeidhm an 17 Eanáir 2028[2].

Dá bhrí sin, i bhfianaise na bhforbairtí a rinneadh i ndiaidh an nuashonraithe dheireanaigh ar an Iarscríbhinn an 29 Meán Fómhair 2021[3], sainaithníodh gur chomhlíon na tionscadail agus na cláir seo a leanas atá chun leasa an Aontais critéir Airteagal 8(3) agus, dá bhrí sin, moltar iad **a chur leis** an liosta atá i gceangal leis an Rialachán.

Tá sé d'aidhm ag an Rialachán maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) tacú le tionsclaíocht na hEorpa agus borradh a chur faoin infheistíocht i dteicneolaíochtaí criticiúla san Eoraip. Leis an Rialachán, déantar cistiú a chuíchóiriú agus a chomhthiomsú ar fud 11 Chlár de chuid an Aontais, amhail Fís Eorpach, an Ciste Eorpach Cosanta nó Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, chuig trí phríomhréimse infheistíochta: teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní, agus bith-theicneolaíochtaí.

Is tionscnamh é Clár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS – 2) arb é is aidhm dó córas cumarsáide satailíte atá athléimneach agus slán a fhorbairt don Aontas Eorpach. Féachann sé leis an gcibearshlándáil a fheabhsú, cumarsáid iontaofa a áirithiú do bhonneagar rialtais agus criticiúil, agus nascacht a fheabhsú ar fud na hEorpa, lena n-áirítear i gceantair iargúlta.

---

[1] IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1.

[2] IO L 2026/1386, 26.6.2026.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2026 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (C/2021/6924).

Comhlánaíonn an clár tionscnaimh spáis an Aontais atá ann cheana amhail Galileo (loingseoireacht satailíte) agus Copernicus (faire na Cruinne) trí dhíriú ar sheirbhísí cumarsáide slána agus criptithe. Tá sé ceaptha chun spleáchas ar sholáthraithe neamh-AE a laghdú agus ceannasacht dhigiteach agus cumais freagartha géarchéime na hEorpa a neartú. Déantar an clár a chistiú trí mheascán d'fhoinsí de chuid an Aontais, lena n-áirítear líne bhuiséid an Aontais um Nascacht Shlán, Fís Eorpach, InvestEU, agus ranníocaíochtaí ón nGníomhaireacht Eorpach Spáis, chomh maith le hinfheistíocht phríobháideach trí shamhail comhpháirtíochta príobháidí poiblí.

Is tionscnamh de chuid an Aontais é an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP) arb é is aidhm dó borradh a chur faoi tháirgeadh armlóin agus diúracán chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais soláthair, go háirithe mar fhreagairt ar an gcogadh san Úcráin. Cuireann ASAP, arna ghlacadh in 2023, tacaíocht airgeadais ar fáil do mhonaróirí cosanta an Aontais, neartaíonn sé slabhraí soláthair, agus éascaíonn sé próisis soláthair níos tapúla. Tá an tionscnamh mar chuid d'iarrachtaí níos leithne an Aontais cumais chosanta a fheabhsú agus spleáchas ar sholáthróirí seachtracha a laghdú. Tá sé ag teacht freisin le Compás Straitéiseach an Aontais don tslándáil agus don chosaint, lena n-áirithítear gur féidir leis na Ballstáit a stoic a athshlánú agus tacú le comhpháirtithe i gcásanna géarchéime.

Is tionscnamh de chuid an Aontais é an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA) a ceapadh chun tionscal cosanta na hEorpa a neartú trí sholáthar comhpháirteach trealaimh mhíleata a chur chun cinn i measc na mBallstát. Tá sé d'aidhm ag EDIRPA, a formheasadh in 2023, feabhas a chur ar an gcomhordú i gcaiteachas cosanta, ilroinnt i margadh cosanta na hEorpa a laghdú, agus soláthar níos éifeachtúla agus níos gasta cumas míleata a áirithiú. Spreagann an gníomh ceannacháin chomhoibríocha, go háirithe mar fhreagairt ar riachtanais phráinneacha slándála, agus ag an am céanna tacaíonn sé le sprioc an Aontais spleáchas ar sholáthróirí seachtracha a laghdú agus earnáil cosanta Eorpach níos athléimní a chothú.

Glacadh an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE), trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh, i mí na Bealtaine 2025 agus tacóidh sí leis na Ballstáit ar mian leo infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh tionsclaíoch cosanta trí sholáthar comhoibríoch, ag díriú ar chumais tosaíochta.

Le hinfheistíochtaí straitéiseacha, faoi threoir Roinn 2.10 de threoirlínte infheistíochta InvestEU (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078), cé is moite de Roinn 6.4.1.1 maidir le hinfheistíochtaí agus scileanna sóisialta, neartaítear iomaíochas agus athléimneacht an Aontais trí mhaoiniú a shlógadh le haghaidh tionscadail lena laghdaítear spleáchais straitéiseacha agus lena dtacaítear le príomhearnálacha an mhargaidh inmheánaigh.

Tá na tionscadail straitéiseacha san Aontas formheasta ag an gCoimisiún faoin nGníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla. Liostaítear go háirithe sa Ghníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla na hamhábhair chriticiúla atá fíor-riachtanach do gheilleagar an Aontais agus tacar leathan teicneolaíochtaí riachtanacha le haghaidh earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear aeraspás agus cosaint.

Leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, a glacadh i mí an Mheithimh 2024, neartaítear iomaíochas agus athléimneacht éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta an Aontais trí thacú le tionscadail straitéiseacha agus trí spleáchais straitéiseacha a laghdú ar fud shlabhraí soláthair na teicneolaíochta glaine.

Le Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna), bunaithe ar Airteagal 107(3)(b) CFAE agus ar Theachtaireacht IPCEI ón gCoimisiún, cuirtear feabhas

ar iomaíochas tionsclaíoch agus athléimneacht an Aontais trí thacú le hinfheistíochtaí straitéiseacha trasteorann agus trí spleáchais in earnálacha criticiúla a laghdú.

Is é is aidhm don Chiste don Nuálaíocht réitigh a chur ar an margadh chun tionscal na hEorpa a dhícharbónú. Díríonn tionscadail chistithe, *inter alia*, ar theicneolaíochtaí agus ar phróisis nuálacha ísealcharbóin i dtionscail dianfhuinnimh, ar ghiniúint nuálach fuinnimh in-athnuaite, ar stóráil fuinnimh. Na rioscaí sna hearnálacha sin a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil agus d’ord poiblí an Aontais, baineann siad le rioscaí cibearshlándála, rudaí a ndéantar níos measa mar gheall ar spleáchais ar an slabhra soláthair. Thairis sin, tacaíonn agus tacóidh an Ciste don Nuálaíocht níos mó fós amach anseo (mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta RESourceEU) le tionscadail nuálacha i slabhra luacha na n-amhábhar criticiúil, ina bhfuil méadú tagtha le déanaí freisin ar na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann do shlándáil agus d’ord poiblí an Aontais.

Cuidíonn an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, i measc nithe eile, tríd an Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim, le trealamh rialaithe custaim úrscothach a thabhairt do na Ballstáit[4]. I measúnú riosca a rinne Grúpa Comhair NIS2, leagadh amach rioscaí san earnáil sin a bhaineann leis an gcibearshlándáil, rochtain ar shonraí íogaire, ar measa iad araon mar gheall ar spleáchais ar olagaplacht soláthróirí.

Ar deireadh, is tionscnamh de chuid an Aontais é an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP), a glacadh i mí na Nollag 2025, arb é is aidhm dó bonn tionsclaíoch cosanta na hEorpa a neartú agus infhaighteacht thráthúil táirgí cosanta a áirithiú ar fud na mBallstát. Díríonn EDIP ar bhorradh a chur faoi fhreagrúlacht agus athléimneacht earnáil na cosanta trí chomhar idir na Ballstáit a chur chun cinn, trí thacú le tionscadail agus infheistíochtaí comhpháirteacha, agus trí chuidiú le héileamh a chomhiomlánú le haghaidh táirgeadh agus soláthar níos éifeachtúla. Féachann sé freisin le spleáchais straitéiseacha ar sholáthróirí seachtracha a laghdú agus cumas an Aontais gníomhú go neamhspleách i gcúrsaí cosanta a threisiú.

Ar an gcaoi chéanna, níl na tionscadail ná na cláir seo a leanas ábhartha a thuilleadh, toisc nach bhfuil siad i bhfeidhm a thuilleadh nó gur tugadh chun críche iad ón uair dheireanach a tugadh an Iarscríbhinn cothrom le dáta an 29 Meán Fómhair 2021, agus dá bhrí sin tá sé beartaithe iad **a bhaint** den liosta atá i gceangal leis an Rialachán:

Gréasáin thras-Eorpacha Teileachumarsáide

Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta

Ar deireadh, tá sé beartaithe na tionscadail agus na cláir seo a leanas **a bhaint**, toisc gur aisghaireadh a mbunús dlí le Rialachán 2021/696 (‘Clár Spáis an Aontais’), atá san Iarscríbhinn cheana féin agus a chumhdaítear ar an gcaoi sin:

Cláir Eorpacha GNSS (Galileo & EGNOS)

Copernicus

Réamhbheart maidir leis an gclár nua GOVSATCOM de chuid an Aontais a ullmhú

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le mír 4 den Chomhthuiscint idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach maidir le Gníomhartha Tarmligthe, cuireadh comhairliúcháin iomchuí thrédhearcacha i gcrích maidir leis an ngníomh tarmligthe seo, comhairliúcháin ar leibhéal na

[4] I measc na nithe a dhéanann an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, tá trealamh rialaithe custaim úrscothach a thabhairt do na Ballstáit, agus déanann sé é sin tríd an Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim, atá ar cheann de chomhpháirteanna an Chiste Chomhtháite.

saineolaithe san áireamh. Chuathas i gcomhairle leis an ngrúpa saineolaithe maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas Eorpach a scagadh an 26 Feabhra 2025 maidir leis an ngá leis na leasuithe a bhí beartaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 8(3) den Rialachán tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh d'fhonn liosta na dtionscadal agus na gclár atá chun leasa an Aontais a leasú.

Ba cheart na tionscadail agus na cláir seo a leanas a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán:

– Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241.

– Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027.

– Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP).

– Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA).

– Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh.

– Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú (an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020

– Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017, mar a leagtar amach sna treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar amach na treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU, cé is moite de Roinn 2.10, mír b a thagraíonn do Roinn 6.4.1.1 (infheistíocht shóisialta agus scileanna) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 ón gCoimisiún.

– Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724

– Tionscadail a mheas an Coimisiún, i gcinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 108 CFAE, gur tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne iad **de réir** bhrí Airteagal 107(3), pointe (b), CFAE (Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne).

– An Ciste don Nuálaíocht a bunaíodh le hAirteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE.

– Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim.

– Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú (Rialachán EDIP).

Tugtar na tagairtí cothrom le dáta maidir leis an méid seo a leanas:

– Gréasáin thras-Eorpacha Iompair (GTE-I)

– Gréasáin thras-Eorpacha Fuinnimh (GTE-F)

– An Comhghnóthas Eorpach um ITER

– Clár EU4Health

– Clár taighde agus oiliúna Euratom

Ina theannta sin, ar chúiseanna cruinnis, maidir le teideal an mhéid seo a leanas:

– Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

atá in Iarscríbhinn I faoi láthair mar 'Clár Spáis', leasófar é go 'Clár Spáis an Aontais'.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.9.2026**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh[1], agus go háirithe Airteagal 8(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/452, i gcás ina measfaidh an Coimisiún gur dócha go ndéanfaidh infheistíocht dhíreach choigríche difear do thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais, ar fhoras na slándála nó ar fhoras an oird phoiblí, féadfaidh sé tuairim a thabhairt uaidh don Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht dhíreach choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin. Áireofar na tionscadail nó na cláir atá chun leasa an Aontais sna tionscadail nó sna cláir sin a fuair méid mór nó cion suntasach de chistiú ón Aontas nó a chumhdaítear le dlí an Aontais maidir le bonneagar criticiúil, teicneolaíochtaí criticiúla nó ionchuir chriticiúla atá ríthábhachtach don tslándáil agus don ord poiblí.

(2) Leagtar amach liosta na dtionscadal nó na gclár atá chun leasa an Aontais chun críocha Rialachán (AE) 2019/452 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Tá roinnt Rialachán eile sainaitheanta ag an gCoimisiún lena mbunaítear tionscadail agus cláir ar cheart iad a chur leis an liosta sin ós rud é go bhfuil baint dhíreach acu leis an tslándáil agus leis an ord poiblí san Aontas.

(4) Tá sé d’aidhm ag an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] tacú le tionscal na hEorpa agus borradh a chur faoin infheistíocht i dteicneolaíochtaí criticiúla san Eoraip.

(5) Is tionscnamh é Clár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS – 2) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] arb é is aidhm

[1] IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1.

[2] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

[3] Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

dó córas cumarsáide satailíte atá athléimneach agus slán a fhorbairt don Aontas Eorpach.

(6) Is tionscnamh de chuid an Aontais é Rialachán (AE) 2023/1525 (ASAP) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] arb é is aidhm dó borradh a chur faoi tháirgeadh armlóin agus diúracán chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais soláthair, go háirithe mar fhreagairt ar an gcogadh san Úcráin. Ní dhéanann dul in éag an Rialacháin an 30 Meitheamh 2025 mar a leagtar síos in Airteagal 24 difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí arna dtionscnamh de bhun an rialacháin.

(7) Ceapadh Rialachán (AE) 2023/2418 (EDIRPA) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] chun tionscal cosanta na hEorpa a neartú trí sholáthar comhpháirteach trealaimh mhíleata a chur chun cinn i measc na mBallstát.

(8) Trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh, tacóidh an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle[6] leis na Ballstáit ar mian leo infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh tionsclaíoch cosanta trí sholáthar comhoibríoch, ag díriú ar chumais tosaíochta.

(9) Maidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/523 (an Ciste InvestEU) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], mar a shainmhínítear faoi Roinn 2.10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 ón gCoimisiún[8] lena leagtar amach na treoirlínte infheistíochta ábhartha, cé is moite de Roinn 2.10, mír b a thagraíonn do Roinn 6.4.1.1 (infheistíocht shóisialta agus scileanna), ba cheart infheistíochtaí straitéiseacha faoi InvestEU, lena maoinítear earnálacha criticiúla amhail nuálaíocht, bonneagar, FBManna, agus teicneolaíochtaí dé-úsáide, a áireamh san Iarscríbhinn, mar tugtar faoi deara iad sa Teachtaireacht Chomhpháirteach le déanaí maidir le Slándáil Eacnamaíoch an Aontais a Neartú agus cuidíonn siad leis an ord poiblí a chosaint agus slabhraí luacha straitéiseacha a dhaingniú.

(10) I Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020, liostaítear na hamhábhair chriticiúla atá fíor-riachtanach do gheilleagar an Aontais agus tacar leathan teicneolaíochtaí riachtanacha le haghaidh earnálacha straitéiseacha, lena n-áirítear aeraspás agus cosaint. Ba cheart na tionscadail straitéiseacha san Aontas arna bhformheas ag an gCoimisiún faoi Rialachán 2024/1252 a áireamh ar an liosta toisc gur minic a

---

4 Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj).

5 Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

6 Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

7 Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj).

8 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1078 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar amach na treoirlínte infheistíochta maidir le Ciste InvestEU (IO L 234, 2.7.2021, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1078/oj).

bhaineann siad le hamhábhair chriticiúla atá fíor-riachtanach d'earnálacha straitéiseacha, amhail fuinneamh, cosaint agus iompar, agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo don ord poiblí agus don tslándáil phoiblí má chuireann eintitis eachtracha isteach ar a soláthar nó má rialaíonn siad é.

(11) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta – 'NZIA'), lena leagtar síos creat chun éiceachóras monaraíochta an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a neartú. I gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Slándáil Eacnamaíoch an Aontais a Neartú, ina n-iarrtar úsáid níos fearr a bhaint as ionstraimí an Aontais atá ann cheana agus ina sainaithnítear cosc agus maolú ar chur isteach ar bhonneagar criticiúil an Aontais mar réimse ardriosca, rannchuidíonn tionscadail straitéiseacha faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta go díreach le hathléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a fheabhsú, le foinsí soláthair a éagsúlú, agus le tacú le monaraíocht shlán teicneolaíochta glaine. Ba cheart na tionscadail straitéiseacha sin faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a áireamh san Iarscríbhinn, chun ailíniú le béim na Teachtaireachta ar chroí-shócmhainní a chosaint atá riachtanach don tslándáil eacnamaíoch.

(12) Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne ('IPCEInna'), dá dtagraítear in Airteagal 107(3)(b) CFAE, tá siad ceaptha chun an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a thabhairt le chéile chun tabhairt faoi thionscadail mhórscála a rachaidh chun tairbhe don Aontas agus dá shaoránaigh. Tacaíonn siad le hinfheistíochtaí mórscála trasteorann a bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint leo. Tá bonn cirt le IPCEInna a áireamh san Iarscríbhinn, toisc go rannchuidíonn siad go díreach le slándáil eacnamaíoch an Aontais trí athléimneacht thionsclaíoch a neartú, nuálaíocht a chothú, agus spleáchais straitéiseacha a laghdú, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Slándáil Eacnamaíoch an Aontais a Neartú.

(13) Leis an gCiste don Nuálaíocht a bunaíodh le hAirteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE, maoinítear tionscadail lena ndírítear ar theicneolaíochtaí agus ar phróisis nuálacha ísealcharbóin i dtionscail dianfhuinnimh, ar ghiniúint nuálach fuinnimh in-athnuaite, ar stóráil fuinnimh, agus tacófar níos mó fós le tionscadail nuálacha a bheidh ann amach anseo i slabhra luacha na n-amhábhar criticiúil. Rioscaí sna hearnálacha sin a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus le spleáchais ar an slabhra soláthair, tá impleachtaí acu freisin do shlándáil agus ord poiblí an Aontais.

(14) Le Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim, cuidítear le trealamh rialaithe custaim úrscothach a thabhairt do na Ballstáit i gcás inar sainaithníodh rioscaí a bhaineann leis an gcibearshlándáil, rochtain ar shonraí íogaire, ar measa iad araon mar gheall ar spleáchais ar olagaplacht soláthróirí.

(15) Ina theannta sin, ba cheart na cláir de chuid an Chórais Eorpaigh um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda (Galileo & EGNOS), Copernicus, agus an Beart maidir leis an gClár nua GOVSATCOM de chuid an Aontais a Ullmhú a bhaint den liosta toisc gur aisghaireadh na Rialacháin lena mbunaítear iad le Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

[9] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE)

(16) Ba cheart na tagairtí do chláir áirithe eile sa liosta a thabhairt cothrom le dáta.

(17) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/452 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/452.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).